

# Scáthgheilleagar, Comhlíonadh agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB)

Bileog Oibre le haghaidh  
Gníomhaíocht Scoláirí

2

Freagraí



**1.** Aithin an bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach.

Ráiteas	Fíor / Bréagach
1. Is sampla de ghníomhaíocht sa scáthgheilleagar é Sochar Cuardaitheora Poist a éileamh go bréagach agus tú ag obair	Fíor
2. Méadaíonn seachaint cánach an méid ioncam reatha atá ar fáil ag an rialtas le caitheamh ar sholáthar seirbhísí poiblí, m.sh. oideachas	Bréagach
3. Tugtar Tuairisc Dea-Shaoránaigh ar thuairisc dheonach a dhéanann duine den phobal faoi ghníomhaíochtaí amhrasta scáthgheilleagair	Fíor
4. Bunaíodh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla in 2006	Bréagach
5. Tá córas cánach na hÉireann ag brath go mór ar choincheap an neamhchomhlíonta cánach	Bréagach

**2.** Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart sna ráitis seo thíos.

- D'fhéadfadh gníomhaíochtaí sa scáthgheilleagar gnólachtaí dlisteanacha a bhunú / **a chur as gnó.**
- Tá** / níl tuairisc dea-shaoránaigh faoi rún.
- Má dhéanann duine aonair nó gnólacht nochtadh cáilithe, d'fhéadfadh pionóis **níos ísle** / níos airde a bheith mar thoradh air seo (a íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim).
- Criminal Assessment Bureau (an Biúró um Shócmhainní Creidmheasa) / **Criminal Assets Bureau (an Biúró um Shócmhainní Coiriúla).**
- Úsáidtear airgead a bhailíonn CAB do **Chiste an Rialtais Láir** / Chiste Rialú Láir.

**3.** Ag baint úsáid as na téarmaí thíos, líon isteach na bearnaí sna habairtí. Ní féidir gach téarma a úsáid ach uair amháin.

- mainnitheoirí
- dea-shaoránaigh
- ús
- tuairisceáin chánach
- dhearbhaíonn
- airgead ar láimh
- seachobair
- ionchúiseamh
- scáth
- gcóras ÍMAT

Oibríonn Maria mar ghruagaire i salón áitiúil, áit a n-íocann sí Cáin loncaim, ÁSPC agus MSU faoin **gcóras ÍMAT**. Tá sí ag iarraidh dul ar laethanta saoire lena cairde agus cinneann sí roinnt **seachoibre** (obair ar an taobh) a dhéanamh chun ioncam breise a thuilleamh. Téann sí chuig tithe na gcliant agus cuireann sí seirbhísí gruagaireachta ar fáil. Íoctar **airgead ar láimh** léi agus ní **dhearbhaíonn** sí an t-ioncam do na Coimisinéirí loncaim.

Rinne comharsa de chuid Maria tuairisc **dea-shaoránaigh** do na Coimisinéirí loncaim, mar go gcreideann sí nach bhfuil Maria ag dearbhú a hioncaim iomláin agus go bhfuil sí ag feidhmiú mar chuid den **scáth**gheilleagar. Má fhaigheann na Coimisinéirí loncaim fianaise chun tacú leis na tuairisc seo, féadfaidh siad iarraidh ar Maria **tuairisceáin chánach** amuigh a thíolacadh (a chur isteach) chun dearbhuithe a dhéanamh ar a hioncam. D'fhéadfadh pionóis agus **ús** a bheith i ndán di freisin as tuairisceáin chánach a thíolacadh go déanach agus as cáin a íoc go déanach. D'fhéadfadh Maria aghaidh a thabhairt ar **ionchúiseamh** coiriúil agus a bheith ainmnithe ar fhoilseachán de liosta **mainnitheoirí** cánach na gCoimisinéirí loncaim.